**Breithiúnas na Cúirte (an Tríú Dlísheomra) an 8 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ó Sofiyski gradski sad – an Bhulgáir) – imeachtaí coiriúla i gcoinne HYA, IP, DD, ZI, SS**

**(Cás C-348/21)** ([1])

*(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Treoir (AE) 2016/343 – Gnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart a bheith i láthair ag triail in imeachtaí coiriúla a neartú – Airteagal 8(1) – Ceart an chúisí freastal ar a thriail – Airteagal 47, dara mír, agus Airteagal 48(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – An ceart chun triail chóir a fháil agus cearta na cosanta – Ceistiú finnéithe ionchúisimh in éagmais an chúisí agus a dhlíodóra le linn na réamhchéime de na himeachtaí coiriúla – Dodhéanta finnéithe ionchúisimh a cheistiú le linn na céime breithiúnaí de na himeachtaí sin – Reachtaíocht náisiúnta lena gceadaítear do chúirt choiriúil a cinneadh a bhunú ar fhianaise na bhfinnéithe sin a bailíodh roimh ré)*

(2023/C 35/09)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sofiyski gradski sad

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

HYA, IP, DD, ZI, SS

*Páirtí leasmhar:* Spetsializirana prokuratura

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 8(1) de Threoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47, an dara mír, agus Airteagal 48(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leis ar chur i bhfeidhm reachtaíocht náisiúnta lena gceadaítear do chúirt náisiúnta, nuair nach féidir finné ionchúisimh a cheistiú le linn na céime breithiúnaí d’imeachtaí coiriúla, a cinneadh maidir le ciontacht nó neamhchiontacht an chúisí a bhunú ar fhianaise an fhinné sin arna bailiú le linn éisteachta os comhair breithimh le linn réamhchéim na n-imeachtaí sin, ach gan rannpháirtíocht an chúisí ná a dhlíodóra, mura bhfuil cúis thromchúiseach ann lena dtugtar údar do neamhláithreacht an fhinné le linn na céime breithiúnaí de na himeachtaí coiriúla, nuair nach é ceistiú an fhinné sin an bonn amháin nó an bonn cinntitheach chun an cúisí a ionchúiseamh, agus gurb ann do ghnéithe cúiteacha leordhóthanacha chun na deacrachtaí arna gcruthú don duine sin agus dá dhlíodóir mar gheall ar chur san áireamh na fianaise sin a mhaolú.

([1]) IO C 338, 23.08.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 1 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Landgericht München I – an Ghearmáin) – DOMUS-Software-AG v Marc Braschoß Immobilien GmbH**

**(Cás C-370/21)** ([1])

*(Tarchur chun réamhrialú – Treoir 2011/7/AE – Cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála – Cúiteamh as costais aisghabhála arna dtabhú ag an gcreidiúnaí i gcás íocaíocht dhéanach ag an bhféichiúnaí – Airteagal 6 – Cnapshuim íosta EUR 40 – Moill ar roinnt íocaíochtaí le haghaidh soláthar earraí nó seirbhísí de chineál tréimhsiúil arna ndéanamh faoi chonradh aonair a fhorghníomhú)*

(2023/C 35/10)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis.*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landgericht München I